# SCÉAL ÚR

IRIS GHAELTACHT BHEAL FEIRSTE

A Luach - Real
Iml. 1. Uimh. 23

Deire F. 5, 1966

Arna fhoilsiú ag: FOLLUS, 11 Sráid Cawnpore, Béal Feirste, 13. Arna cló-bhualadh ag: "Donegal Democrat", Béal Atha Seanaigh, Tír Chonaill.

Cuirtear ábhar scríbhneoireachta chuig:

An tEagarthoir, FOLLUS,
11 Sráid Cawnpore,
Béal Feirste, 13.
Guthán 33040.

Cuirtear ábhar fógraíochta chuig: SPASCO,
29 Knockbraken Crescent,
Ceathrú Aodha Dhuibh,
Béal Feirste.
Guthán 827720.



Na "FOLKSTONES", grúpa as Dún Dealgan a bhí páirteach i gcoirm cheoil i Halla Naomh Muire oíche Shathairn seo chuaigh thart. Tá neart ceoil Gaeilge acu. (Ó chlé), Pádraig Mac Seóin, Antón de Gascún, Proinsias Ó Ciaráin, agus Pádraig Ó Duinn. Mark Mac Lochlainn atá ina bhainisteoir orthu agus is na theach tabhairne siúd a chruinnionn siad.

## Gluaiseacht An Oir chun na hEorpa

Tá an coibhneas a bhí eadar órthaiscí na Stáit Aontaithe agus cuid na hEorpa i 1957 comhair a bheith bun ós cionn anois. Sa bhliain '57 bhí 22.9 millard thail agus 9.6 i bhfos: anois tá 13.6 ag na Stáit Aontaithe agus 22.8 san Eoraip.

Deirtear nach leor anois na fear-as-bárr easportála a bíos ag na Stáit le cúiteamh a dhéanamh ins an airgead a chaitheann an Rialtas ar dhualgaisí cóigríche agus an méad a dheasbhaítear thar lear ag gnóluchtaí príomháideacha.

## Cursai Oideachais

**Le BRIAN Ó MAOILEOIN**
**(Ar lean.)**

CÉ hiad na heasbhuíocha éagsúla atá orainn mar phobal i dtaca le hoideachas dó? Tá sa' chéad áit nach bhfuil pearsonra oilte againn le freastal ar na riachtanaisí sin nach rabhamar ag freastal ortha go dtí seo ach go tuatach a's go hamscaoidh. Tá sa' dara háit nach bhfuil ach fíor-bheagán de'n phobal Ghaelach ar féidir a rá fá dtaobh daofa go dtearnadh forbairt iomlán ar a nábaltachtaí nó ar a mbuaíannaí éagsúla. Tá sa' tríú háit go bhfuil páistí óga fá aois scoile ag teacht chun tosaigh anois agus gan scoil ar bith réidh againn daofa. Ní i nord tábhachta ar ndóighe atá siad curtha síos agam.

Maidir leis an chéad cheann tá mé ag smaointiú ar an iomad uair a rinne muid pracas d'obair áirithe ar an ábhar amháin nach rabh muid eolach go leor nó oilte go leor le hí dhéanamh i gceart. Tá mé ag smaointiú, mar shompla, ar an méid uair ar theip orainn dhul i bhféidhm ar dhaoine chionn's nach rabh muid ábalta ár smaointeacha a chur i nord nó chanúint a chur ortha. Nó ar an méid airgid a chuir muid amú mar gheall ar easbhaí tuigse fá na chaitheamh. Nó ar an méid uair a d'fhág muid muid féin san fhaopach cheal airgid ar an ábhar nach rabh 'fhios againn an dóigh le nár maoin a eagrú ar bhealach a d'fhágfadh ion-cháirde sinn.

Baineann an dara ceann leis an chéad cheann ach gur rud níos pearsanta atá ann. Is rud nadurtha an foghluim. Bionn an duine ag foghluim ó'n chéad lá a thig sé ar an tsaol—bíonn, níos luaithe ná sin más fíor do chuid de na heolaithe. Agus ar ndóighe théid an chuid is mó de na daoine ar aghaidh ag foghluim i rith a saoil. Ach ní éiríonn leo i gcónaí leas a bhaint as an chóras fhuirmeálta foghlama nó as an taighde is fearr a bhfuilthear a dhéanamh nó as buaíannaí na ndaoine is oilte a bhfuil le fáil. Ní rabh an toideachas ann ach do bheagan. Má tá athradh ag teacht is chun sochair do'n aos óg atá le theacht a rachas sé. Feadaigh daoine eile nach bhfuair an seans ariamh déanamh as daofa féin. Ach cheana féin tá rudai cosúil leis an "National Extension College" agus "Ollscoil an Aeir" bunaithe i Sasain, rud a léiríos oiread a's chuaidh an pobal coiteannta i bhféidhm ar lucht rialtais. Is mó ná seansannaí a bhéas ag daoine feasta cúrsa oideachais a bhéas ag fóirstin daofa féin a thoghadh gan a bheith ag géilleadh do mhiantaí dhaoine eile. Ca bith mar bhéas gnaithe oideachais feasta, is cinnte nach mbíonn mar bhí.

Is dóiche gurb é an tríú heasbhuí a luaidh mé an ceann is mó a bhfuil tuismítheoirí buartha fá dtaobh dó. An gad is goire do'n scórnaigh, is dóiche. Agus cé gur mhaith liom daoine nach bhfuair oideachas fuirmeálta ariamh a fheiceáil á noiliúint féin oiread agus thig leo agus iad a bheith buartha go leor le rud éigin a dhéanamh fá'n éagóir a rinneadh ortha, caithfidh mé a aidmheáil nach dtiocfadh liom a bheith 'na dhiaidh ortha dá nabradh siad nach rabh ann ach amaidí bheith ag caint ar ard-oideachas nuair nach bhfuil córas bun-oideachais féin ann. Tá an fhadhb agam féin—páiste óg atá i naois scoile anois. Caidé tá muid ag dul a dhéanamh?

An chéad rud atá riachtanach muid a thuigbheáil nach mian atá i gceist, nach é gur mhaith linn oideachas Gaelach a bheith ag ar bpáistí ach go gcaithfidh siad a fháil. Murb fhuil ar intinn againn ach rún abhí againn ó'n tsean am, rud nár smaointigh muid a mhóran air, ach b'fhéidir mar rud ionmholta, is beag an ceart atá againn bheith ag dúil le nár bpáistí glacadh leis. Agus ar scor ar bith caidé an seans a bheadh againn rud a chur ar fáil mur mbeimis cinnte de'n riachtanas a bhí leis? Rud comh mór le scoil Ghaelach, mar shompla?

Níl sé ag dul a bheith furas. Ach má ghní muid go leor smaointithe fá na riachtanas ní bheidh cuma leath comh mór sin ar na deachrachtaí.

(Tuilleadh an tseachtain seo chugainn).

## Focloir Ur i nGaeilg na hAlban

FOGRAÍODH ar na mallaibh go bhfuil Ollscoil Ghlascú ag brath foclóir úr Ghaidhilge a fhoillsiú.

Beidh dhá, nó b'fhéidir trí imleabhar ins an fhoclóir, agus beidh sé thart fan mhéid chéanna leis an "Shorter Oxford English Dictionary." Beidh tuairim is 100,000 foclaí Gaidhilge ann, agus beidh an obair ar siúil ar feadh thart fa dhá bhliain déag ar fad, idir cur le cheile, eagrú agus foillsiú.

Cuirfidh Ollscoil Ghlaschu achan rud ar fáil atá a dhith don taighde—oibrithe agus gléasraí. Le bliantaí fada anuas tá baint ag an Ollscoil seo le Gaeltacht na hAlban.

Deir lucht na hOllscoile go bhfuilthear ag súil go dtabharfaí tacaíocht airgid don scéim, in Alban féin, in Alban Nua, agus aiteacha eile ar an domhain a labhairtear Gaidhlig ionntu go fóill, nó an bhuil cuimhne ar an teanga.

Beidh slua mór de chúntóirí deonacha ann a ghlacas foclaí ó leabharthaí, lamhscríbhinní, agus comhaid nuachtáin.

Tá an Ollscoil ag iarraidh leabharthaí atá gann nó neamh choitianta, foclóirí lamhscríbhinn, cnuasachtaí litreacha, cnuasachtaí pearsanta d'fhoclaí, nó ábhar suime ar bith eile.

Is féidir leis an ghnáth phobail a leithidí siúd a bhronnadh ar an Ollscoil, nó cead a thabhairt griangrafanna a thógáil daofa. Táthar ag súil go mbeidh duine amháin, ar an laghad, ag obair go lán aimsearach le tape-tafadóir.



LIAM Ó BRUADAIR agus CRISTÍN NIC AONGHUSA lá a bpósta. Donnchadh Ó Bruadair agus Caitlín, Bean an Mhistéalaigh a bhí ag seasamh daofa.

## NA BASCAIGH

TÁ tuairim is ar 2½ milliún Báscach i dTuaisceart na Spáinne agus béidir 1 milliún eile ar an taobh eile den teorainn sa Fhrainc. Is lú cuid mhór ná seo an méid acu a labhras Báscais, béidir 500,000 acu sa Spáinn agus 100,000 acu sa Fhrainc. Ach is ionann an tseanteanga seo a bheith á labhairt agat agus tú bheith ido Bháscach mar is ceart. Sa teanga sin, "Eskualdun" an focal atá ar Bháscach agus sé an chiall atá leis, "duine a labhras an teanga."

Sa Spáinn, bhí cosc ar an Bháscais, ach tá Franco indiaidh sin a thógáil di agus fiú anois go bhfuil cead ag Radio Bilbao cúrsa sa teanga a chraoladh (tabhair aire, B.B.C. na 6 gCo.!). Ó bhí an Chomhairle mhór sa Vatican tá an Bháscais a húsáid sa Liotúirge, ach is beag an seans go mbéidh cead í a thabhairt arais i scoileanna na Spáinne.

Sa Fhrainc, tá páipéar Báscaise a fhoilsiú agus díol 2,000 cóip air.

Thug Poblacht na Spáinne saoirse don Stát Bháscach i 1936, agus sin an fáth is mó ar throid na Báscaigh ar son na Poblachta in éadán Franco sa Chogadh Chathardha a thoisigh an bhliain chéanna.

Bunaíodh Páirtí Náisiúnta i 1958 agus cuspóir aige "saoirse agus talamh na mBáscach" a bhaint amach. Ins an Spáinn atá sé ag feidhmiú, ach tá sé ag iarraidh saoirse do thír uilig na mBáscach ar dhá thaobh de na Pyrenees agus neamhspleáchas geilleagair do na Báscaigh iad féin.

Cuireadh cuid mhór i bpríosúin sa Spáinn as a bheith ag foilsiú agus ag scaipeadh bollscaireachta mar gheall air.

## Cailin Og Ag Cosaint Ainme

TÁ cailín óg ag cur cúise ar a Comhairle Áitiúil ar mhaithe le tabhairt orthu gan ainm a sráide a athrú.

Thoisigh an trioblóid nuair a chonaic Eurwen Hughes (17 mbliana) fógra ar lampa taobh amuigh de theach i Mold, Flintshire, sa Bhreatain Bhig.

D'fhógair sé go nathrófaí ainm na sráide ó Bryn Coch go Upper Bryn Coch, sa dóigh a's nach meascadh cuairteoirí é le sráid eile a bhfuil ainm ana-chosúil leis sin air.

Ní rabh Eurwen sásta leis seo. Dar léi gur chéir go bhfadfadh an tainm i mBreathnais ar fad—Bryn Coch Uchaf.

Scríobh sí chuig an Chomhairle ach d'fhreagair siad nach rabh rún acu seo a dhéanamh. Dúirt siad go rabh fuaimeanna na Breathnaise ró-dheacair.

Arsa Eurwen: "Tá rún agam troid ina éadán seo. De réir Acht Sláinte Poiblí 1925 thig liom an cás a thabhairt ós comhair na ngiústaisí agus ligint daofa-siúd a shocrú.

Tá tacaíocht mo theaghlaigh agus mo phríomhmháisteara agam.

Níl ach 3 cainteoirí Breathnaise ar an Chomhairle as 15, agus mar sin de tá sé de dhualgas ormsa an Bhreathnais a choinneáil beo—fiú in ainmneacha bóthar."

Tá Eurwen anois ag déanamh árd-chúrsa ar stair na Breataine Bige agus ar na Scrioptúir in Ysgol Maes Garmon, scoil i Mold nach labhartar ann ach Breatnais.

# Partaidh Naiseanta na h-Alba

**TÁ BARÚIL AGAINN GO GCUIRFIDH ÁR LÉITHEOIRÍ SPÉIS SNA DUILLEOGAÍ SEO A D'FHOILSIGH P.N.A. AR NA MALLAIBH. ÓNÁR GCARA, SEUMAS MAC A' GHOBHAINN, A BHFUIL CÓNAÍ AIR I SURREY, SASUNN, A FUAIR MUID IAD.**

## 'EIL SIBH COMA-CO-DHIUBH?

Chuir a' cheud Ordugh-nan-Cisean a thug an Riaghaltas Ur a mach, cuspairean na h-Alba troimh cheile.

Ni sin cron uamhasach anns gach cearn far nach eil factoraidhean mar obair bunaiteach aig an t-sluagh, agus chan eil obair dhe'n t-seorsa againn am feadh na roinn as motha dhe dh'Alba.

'Bheil sibh a' creidsinn gur e sin Riaghaltas mhath air son Alba?

Is e obair ur a tha dhith oirnn, **chan e cisean ura!** Tha feum againn air doighean ura anns gach cuspair ar beatha, mar Albannaich, chan e a mhain sna factoraidhean.

Bith an "Cis Obair-taghadh . . ." mar a theirear rithe, a toirt £25,000,000 bho Albainn, a sporanan nan Albannach, agus a cur an t-airgiod sin gu aiteachan soirbheachail, mar a tha Birmingham chums gum bith na sporanan aca na's cudthromaiche na tha iad cheana.

Ach is e so ach aon doigh anns am bheil Riaghaltas a Lunainn a deanamh cron gun stad air muinntir na h-Alba anns gach cearn, agus am measg gach raing d'ar daoine.

**Deanamaid an obair ud sinn fhein . . . tha sinn comasach oirre, agus bith sinne a deanamh móran na's fhearr.**

Tha na milltean de bhuill ura againn, agus is e am barail-san gu bheil am Partaidh Naiseanta an duil as motra againn air son Alba sna laithean tha tighim . . . na laithean agaibh fhein!

Am bi sibh maille ruinn? Am bi sibh a' leigeil taic ruinn?

Bithidh, gu dearbh, ma tha sibh air taobh ur duthcha, ur teaghlaich, agus air taobh beatha ur air ur son fein.

Cha chosg sin ach coig tasdan am bliadhna.

**THIGIBH A STIGH!**

Ainm ........................................

Seoladh ........................................

........................................

Sgriobhaidh do:

**SCOTTISH NATIONAL PARTY**
**59 Emlbank St., Glasgow C.2.;**
**agus 16 North St. Andrew Street, Edinburgh, 2.**

No do meur is dluithe dhuibh.

## AIR AM FUADACHADH

Is e ceann-fath Partaidh Naiseanta na h-Alba, cobhair a thoirt do muinntir na h-Alba. Feumaidh atharrachadh a bhi air na doighean, an da chuid a reir cosnaidh is beatha, a tha gan cur air falbh as an duthaich fhein.

**FOGRADH . . . NA BREUGAN**

Theirear, air uairean, "Bu mhath leis na Albannaich shiubhal an t-saoghail; bu mhath leo an comhnuidh Alba fhagail air son beatha ur." Is iomadh Albannach misneachail a chaidh a dh'iarraidh cliu is fortan an tirean ceine, agus chan abramaid gur rud mi-nadurra sin; ach chan eil ceartas sam bith ann, nuair nach eil obair cheart no cosnadh math aca 'nan duthaich fhein. Is e Parlamaid nan Rioghachdan Aonaichte is coireach, o nach eil iad comasach an cumhachd a thoirt gu deagh bhuil, gach mi-cheartas dhe'n t-seorsa ri chur an ordugh, a reir teachd-an-tir, agus a reir na doighean bu dual dhuinn. Tha sin a' comharrachadh a mach gu soilleir dhuinn, nach eil anns gach leisgeul a chuireas a mach buill-Pharlamaid partaidhean an Aonaidh, ach breugan. Their iad gu bheil sinn fortanach iad a bhi 'nan suidhe an Lunainn, ach tha sinn a' faicinn nach eil sin idir ceart.

**OBAIR . . . NA AIREIMH**

Tha Innleachd Ur aig an Riaghaltas air son Albainn; agus tha sin a nochdadh dhuinn gun do chaill Alba 398,000 de luchd-oibre eadar 1954 agus 1964.

A' gabhail suim air an aireamh dhiubh a thill gu Alba, agus coigrich a thanaig a stigh oirnn, agus b'iad sin 279,000 gu leir, chi sinn gu robh ar call 119,000 daoine. Bho 1959 gu 1964 bha meud an t-sruth ud air dubladh, agus chaill sinn gach bliadhna 16,000 d'ar daoine bu comasaiche a reir ar cosnaidh-naiseanta.

Eadar 1954 agus 1964, fhuair Sasunn agus Cuimrigh obair ur air son 1,805,000 daoine gu leir; fhuair Alba obair air son 17,000 daoine. Mar sin, fhuair Sasunn agus Cuimrigh an deich uiread air na fhuair Alba.

Ann an Sasunn agus Cuimrigh tha an obair ur roinnte le ionnanachd eadar firionnaich is boirionnaich; 903,000 fir is 902,000 mnathan. An Albainn chaill sinn obair air son 34,000 fir, agus fhuair sinn obair ur air son 52,000 mnathan.

Bha na daoine gun obair an Sasunn agus Cuimrigh 0.9% gu 2.3% agus an Albainn 2.4% gu 4.8%.

Sna deich bliadhnachan ud (1954-64) chaill Alba obair air son 60,000 sna obraichean-cudthromach (gual, fearann etc.), agus chaill sinn 30,000 sna factoraidhean.

Fhuair sinn obair ur air son 17,000 sna dreachdan-thogalaich, agus air son 81,000 sna dreachdan-sheirbhis (buithean, oifigean, teagasg etc.). Tha coir aig na h-Albannaich obair, sonas, is soirbheas fhaighinn 'nan duthaich fhin, coltach ri sluagh eile air bith.

Gheibhear na tha sgriobhte air a' phaipear so a cunntasan oifigeil, agus anns "The Scottish Economy 1965-1970.").

Tha P.N.A. air son Riaghaltais againn fhein, a stiuras airgiod agus obair anns an doigh as freagraiche air ar son; Alba Saor, dileas do'n Crun, 'sa Comh-fhlaitheachd nan Naiseanan Breatuinneach.

Is e ur beatha ceistean ri chur chugainn. Ma's aill leibh barrachd eolais fhaighinn air ar innleachdan ura air son Albainn, cuiribh fios chugainn le bhi 'cur ur n-ainm is seoladh 'san aite a dheasaich sinn, agus gheibh sibh freagairt bhuainn.

## CUIRIBH ALBA AN TOISICH!

Tha móran an Alba an diugh—agus is docha gu bheil sibhse aon dhiubh sin—aig am bheil fios gu bheil Partaidh Naiseanta ann, gun eolas eile 'bhi agaibh m'a dheidhinn.

Gus an am so, ma dh'fhaodte, is docha nach d'thug sibh fanear oirnn. Is e mar priomh-aobhar againn 'san iomradh so, dearbhadh a thoirt dhuibh, gur e cobhair mhór dhuibh barrachd eolais fhaighinn air ar Partaidh.

**CARSON?**

**Air son** is e am Partaidh Naiseanta an aon dream politicach a tha gu tur air taobh cuis na h-Alba . . . ur cuis fein . . . tha sinn ann air son ur cuideachadh.

**Air son** is e a mhain am Partaidh Naiseanta, **le bhi cuir Alba an toisich** a chuireas Alba air a casan a rithisd, mus tig beul-sios gu leir oirre. Thug sinn cothrom do na "Conservatives" agus do "Labour" mar tha, agus cha b'urrainn daibh dad a dheanamh; chan iongnadh leinn sin idir. Tha iuchar dan na h-Alba an laimh a' Phartaidh Naiseanta.

**Air son** tha na partaidhean eile an greim na laithean a chaidh; is e am Partaidh againn fhein a's freagraiche an drasd, agus sna laithean tha tighinn. Mar a tha iadsan air tuiteam, tha sinne ag eirigh. Chaidh an la acasan seachad, tha ar la fein a tighinn.

**FAS**

O chionn bliadhna no dha, dh'fhas am Partaidh Naiseanta, uidh air n-uidh. Tha corr is 200 meoir againn sna duthaich an drasd, agus feadhainn ur air an steidhicheadh gach la. Is e an obair a's motha a th'againn aig an am so ar freasdaladh a dh'atharrachadh, o'n a tha cuideachd cho mór a tighinn a stigh oirnn.

Theid againn an drasd ar beachdan ri chur an ceann na feadhainn nach eil a' tuigsinn ar cuis gu soilleir. Chan urrainn dhuinn tighim ach ceum no dha air an rathad . . bith an ath-cheum a reir ur miann fein.

**Sgriobhaidh chugainn an diugh!**

# RADIO EIREANN

**Déardaoin** — 11.01, Midmorning. 11.15, An Approach to Folk Music. 11.45, The Other Side of the Wall. 12.02, Music at Midday. 5.1, Ceol Rince. 5.15, The Life of Other Days. 5.30, Children's Forum. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.45, What's My Line? 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Colm an Osta. 8.1, Sounds Continental. 8.30, Between Ourselves. 9.1, An Evening in Bukhara. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Dáil. 10.45, Recital. 11.0, Piano Music.

**Dé Sathairn** — 11.1, Midmorning. 11.15, Let's All Sing. 11.30, What's My Line? 12.2, Light Extra. 12.45, Weekend Sport. 5.01, Piano Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather. 6.01, Nuacht. agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireacht an Riadaigh. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The Sound of the Light. 10.30, Ceili House. 11.15, Birth of a Ballad.

**Dé Domhnaigh** — 10.30, Mass. 11.30, Collector's Choice. 12.00, What Are They Talking About? 12.30, American Journey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, Topic. 3.10, National Football League Final (2nd leg): Longford v. New York. 4.35, A Twinkle in Your Eye. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25 Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Likes of Linnane. 7.45, Dandy Dick. 9.25, Records. 9.30, The Irish Language. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.5, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

**Dé Luain**—11.01, Midmorning. 11.15, Ceili Time. 11.45, The Other Side of the Wall. 5.01, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.25, Just William. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, What Are They Talking About? 8.1, Lore of the Sea. 8.30, Chapters From Our Past. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Ballads at Night. 10.45, City Newsreel. 11.0, Recital.

**Dé Mairt**—11.01, Midmorning. 11.15, Tommy O'Brien and his Records. 11.45, The Other Side of the Wall. 5.1, Choir. 5.15, The Wandering Leprechaun. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The R.T.E. Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, The Betrothed. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Reuords. 10.30, Today in the Dáil. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes. 11.0, Jazz Corner. 11.15, Unforgettable.

**Dé Ceadaoin**—11.1, Midmorning. 11.15, Sing a Tune and Dance It. 11.45, The Other Side of the Wall. 12.02, Music at Midday. 5.1, As a Boy. 5.15, Waiting and Wandering. 5.45, How Does Your Garden Grow? 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, A Man and His Music. 8.1, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Dublin Chamber Orchestra. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dáil. 10.45, Men Singing. 11.0, Pop Call.

**Programan Gaidhlig — leatanach 4.**

# Nuair a Smaointim Air

(Le **LIAM MAC REACHTAIN**)

GINEANN éigníocht éigníocht. Na saoithe agus lucht fealsunachta a chéad chéap an bolgam sin, céaptar anois go raibh siad beagainín ar seachrán. D'fhéadfadh siad chur leis an bhlogam sin, ach, cad é mar a chuirfeadh siad leis? Sin go díreach an smaointiú a tháinig isteach im aigne seachtain ó shoin nuair a chuala mé an tuairisc fan bhrúinteachas a bhí ar siúl i dTí an Ard Mhéara i mBaile Átha Cliath nuair a chuir an LFM a gcruinniu ar siúl. Agus ar an dtoirt, sceinn sé isteach im aigne go ngineann eigníocht eigníocht, ach go ngineann sé aontacht agus tréis comh maith.

Conus, a deir tú? Nach leor cruinn staidear a dhéanamh ar ar tharla sa tír seo, theas agus thuaidh, le beagán bliantach anuas lena chruthu gurb í an aontacht a thig as an éigníocht de ghnáth. Glacaimís, mar shompla, an cruinniú údaí dar thagair mé cheana, cruinniú a raibh sé de oblógaid ar an uile Ghaeilgeoir sa tír freastáil air lena neart agus deilseacht don teanga a léiriú. Bhí fonn troda ar a lán dá raibh i láthair, agus creidim go raibh fonn silteagaisc ar dhreamanna airithe polataíochta a bhí sa láthair fosta. Go hadhuil, is ar son na Gaeilge a bhí dream airithe polataíochta, má's mall fhéin a bhí siad ag léimní ar an trucail.

I dtaca leis an éigníocht de, ná dallaimís sinn fhéin ar an bhfíric nach raibh a leithéid beartaithe. Ta a fhios agam fhéin go raibh daoine i dTí an Ardmhéara an oíche údaí a rachadh i muinin na ndorn gheall ar a dtuairimí a chur gós ard, agus má bhí an intinn sin aca, is cinnte go raibh a leithéid dá bheochú. Is fíor gur tugadh cunntaisí fada aibhéalacha ar ar tharla ansin, go mórmhór ar nuachtán airithe an Tuaiscirt (ar athsmaoineamh, sílim gur cóir do leithéidí Risteáird Uí Ghlaisne, nó Ánras Mhic Dhónaill an tuairisc sin a bhréagnú) ach, go fírinneach, chruthaigh an tionol sin uair amháin eile go bhfuil furmhór Éireannach i bhfabhair na Gaeilge. Agus, bíodh a fhios againn go dtáinig aontacht as an chruinniú sin, bíodh a fhios againn gur maith ann iad an LFM mar, cosúil leis an Urramach Paisley i bhfos, tá obair mhór á déanamh aca i ngainfhios dóibh fhéin, obair na haontachta.

Pillim arais chuig an bholgam údaí fá éigníocht. Le mo linn fhéin, chonnaic mé an iomarca sin de, ach, an uile uair dá bhfaca mé é, nó dá raibh mé pairteach ann, bé a fíoradh domh nach é an t-olcas i gcónaí a thig as. An bhfaighfeadh an tícín beag bocht seo aon rud go deo mura dteadh sí i muinin na héigníochta? Fir nocha a hocht, mar shompla, nar leor an teideal a bhaist siad ortha fhéin, na hÉireannaigh Aontaithe, lena chruthú gur chreid siad go bhfasfadh an aontacht as na híbeartacha a d'fhulaingeódh siad? Seans nach bhfuair siad mórán, agus seans fosta gur imigh cuid de ndeisciobail ar a athrach de bhealach, ach, tháinig aontacht as a n-iarrachtaí.

Agus Laochraí na Casca. Ná habraimís níos mó nach dtáinig maith mhór as iarrachtaí misniúla na bhFear Liofa Donn. Narbh iad a spreag mothaithe na haontachta ionainn go léir? Narbh iad a léirigh dúinn an slí chun aontachta, agus narbh iad a thuig ina n-aigne istigh go bhfásfadh an crann mór sin, Crann an Aontais, agus go mbeadh tora céadtach air! Nach cuid den tora sin an cruinniú údaí i dTí an Ardmhéara? Nach é an iarsma deireannach é de chuid Whitehall atá a tharraing in airde ag an LFM? (Má mhothaigh Sinn Féin gur sin mar a bhí, ba mhaith an mhaise dóibh a bheith ann, ach, loic siad go mór ar Éireannaigh dhílse nuair nach raibh siad sasta céist na Gaeilge a chur in uachtar le linn a bhfeachtais toghchánaíochta i bhfos).

Anois, cuirfear céist orm cad é an cineal aontachta a d'fhás as an éigníocht údaí a bhí beartaithe i dTí an Ardmhéara. Agus is éascaí a fhreagraim gurb í an mórtas cíne atá dluite ionainn ó dhúchais a shnamaigh leo chéile sinne, mórtas morluacach a stiúraionn náisiún de shíor ar an bhealach achtaichte. Thit an rud céanna amach anseo ar a mhalairt de ghné, ach, arís, ba é an mórtas-cíne a tháinig i dtarrthail orainn. Is dona 'racáin' a tharla ag Sráid na Duibhise cupla bliain ó shoin, agus i Sráid Chromaic le deidheannaí a thagraim, agus mura dtáinig aontacht astu súid, ní lá go fóill é.

Cáineann cuid mhór daoine an éigníocht toisc go gcreideann siad mar a chreid na feallsaimh, gur dual d'éigníocht theacht as an éigníocht. De reir mo thuairime fhéin (agus bréagnaítear mé!) tig an mhaith as an éigníocht fosta. Thig liom liodáin fhada a lua de shamplaí na héigníochta. Cad mar gheall ar na Crosáidí chun na Tíre Naofa. Nar dortadh fuil agus nar loisceadh taltaí lena linn sin, agus, bhí tora céadtach air. Cad mar gheall ar na Danair ag Cluain Tarbh? An éigníocht a d'fhás as an chath sin? Cad mar gheall ar an choinbhlíocht mara a tharla le déidheannaí idir iascairí an Tuaiscirt agus iascairí an Deiscirt? Dortadh fuil ansin, agus rinneadh damaiste do bhádaí, ach, i ndeire na dála, fuarthas slí chun aontachta.

Mar a dúirt mé chéana, níor baineadh feidhm as an éigníocht i dTí an Ardmhéara, ach, ní hionann sin agus a dhearbhú narbh í a bhí beartaithe. Cruthaíodh dúinn go dteastaíonn ó fhurmhór Éireannach go mbeidh an Ghaeilge ina teanga coitianta athuair sa tír seo, agus, má's gá, an éigníocht a úsáid chun na críche sin, úsáidtear í. Is deacair uaireannta, an namha a bhascadh gan feidhm a bhaint as an láimh láidir, agus is naimhde crúthanta don tír lucht an LFM.

# Filiocht i gCeim

[ART DE CREAG A RINNE AN TSÁR-FHILÍOCHT SEO AGUS É AR DEÓRAÍOCHT I SASAIN].

## Cuando Preciosa El Pandarete Toca

(Le CERVANTES)

Nuair a buailtear ar a tambodhráin
Ag lúth-mhaighdean an drithleanais,
As a lámha tuiteann péarlaí,
Blathanna óna béal . . . .
Le binneas ceoil na méarannaí
Gointear an siorradh gaoithe féin!

An t-anam daonna téid chun suain
'S na ceadfaithe a ceolaitear
I bhfianaise cuid gniomharthaí
De caoidhiulacht ósnadurtha:
A dá glán-súil comh macanta
Tá cáil orra go forleathan.

Dhá lochrann iad mar ghrian sa lá
Bheir méadu cumhacht do réim an ghrá
Níos leithne feasta a impireacht.
I ngreamannaibh a ciar-fhoilt gruaige
Gaibhtear gach fir dá tí
A chuid saighead uile 's fosta a bhogha
Tá Cupid i ndiaidh a gheillstin di.

## Romance

ART DE CREAG

A Realtóg mo bheathasa i bhfus
'S a Dhóchais mo mhéin,
Chaill mé mo bhealach arís is d'imigh ar strae:
Níl fhios agam cé acu bealach a ghabhas mé
Nuair a thiocfas an lá,
Is a rá ó's Dé nach bhfuil bealach ar bith
A bheirfeas mé i bhfogus mo ghrá:
Ro-fhada siubhlóid mo chosa ins an chosán dall,
'S go géastar mo rúnsa i gcéin ins an chaisleain gheal:
Ach ní ghoinfeadh fuacht na hoíche mé, ná fearrthain na maidne,
Dá mbíodh mise is mo ghrá geal inar luí in aon leabaidh:
Dá mba mise is mo rogha beansa a bhí ann
Is an bothar céanna dá síneadh romhainn
'S ag dul fenar gcosa:
Ba bheag linn annsin síon na fearrthain da stealladh:
Ba bheag linn trom-fáliuchas an duilleabhair:
Ba bheag linn an tsneachta aníos
Na ár luí ins na páirceanna abhí siocaithe.

## Cailin Ag Doirteadh An Tae

Cailin a bhí ag dóirteadh an tae inniú
'S ag freastal sa chaintín mhór
Gháirigh sí liomsa 's d'fhiafraigh sí:
"An rachaidh tú ar ais go deo?"

Ag fanacht le scuaine an pháigh a bhí mé,
'S mé ag dreim le "bónus" mhór,
Chonaic mé súile a cinn romham arís . . . .
(Cha dteimse ar ais níos mó).

Gach taobh 'nár dtimpeall sa tábhairne
Bhí callán 's ranntaí ceoil,
Thóg sí a gloinne ag magadh fúm;
"Ní rachaidh tusa ar ais go deo!"

"Cha philleann tú siar, a dhiúlaigh mo chroí,
Chan tusa go deo na ndeor!
Rachaidh tú ar ais i mbocsa," ar sí,
Sin má théid tú ar ais go deo."

## Colur Sa Dorchadas

ART DE CREAG

Ní dheanaim dearmad de go brath:
An scáile fe Southwark Bridge,
Dorchadas an doimhin-sráide,
Agus colúr ann fa chrua-chas:

Lu eagla bíos ar éan
Roimh duine ná roimh cat
Bhí póilín ag smúrthacht 'mo dhiaidh,
Brí an cat i ngar dúinn araon:

Cung-chosain idir storaslainn árda
Canál dorchadais fe scáile'n droichid
Gan neach ann ach mé féin
's beochán beag chluimh-liath
Go h-uaigneach ag ullmhú do'n bhás.

Colúr cíor-chleiteach ag dreim leis an chat:
Ruaig mé an cat ar shiúil ach is lú m'fhoighde-se
Na foighid an chat-phóilín:
'S go maithfear domhsa é ag Dia na mbeo
Gur fhag mé mo chara leonta 's an cat 'na chomhair.

I mbun an chúng-steall toll-dorcha a d'fhág mé é
Mo cholúir chluimh-dhustmhar ghorm-liath
'na bheartán bheag smol-chaite
A reiteach féin chun éaga . . . .

Níl fhios agamsa caidé colúir-dhóchas
Bheadh ag tabhairt sólas de a leithid de chleiteogach
Agus é gaibhte idir bhruinnibh dheire an lae:
Nó caidé geal-chuimhní ar laethe gréine

Bheadh ag déanamh bealaigh dó
Fríd dorchadas an bheatha seo thíos:
Ní h-eol domh focal aon aingeal-phaidir
A rinneadh a mhúnadh dobhtha as beola Dé:
Ní feasach domh ca h-as a fhasfas sé
Seasmhacht seo an aicme briste d'arm-shlua'n aeir:

Ach Dia go deonaidh domhsa
Rian de'n stuamacht sin
Agus cat an bháis ag déanamh ormsa:

Go rannaidh Dia orm
Colúir-sciar de chalmacht éin
Nuair a bíos an Bolg-le Talamh Breacaithe
Ar thóir m'anama . . . .
A Aingle Dé ná loicigh orm sa mhéid sin
I láthair an Chiúin-shleamhnaitheach liath-fhoighdeach fa mo dhéin . . . .

Doimhin dorchadas na caol-sráide
Faoi scáile Southwark Bridge
Ní dheanaim dearmad de go brath!

## Dan Diaga Do Lucht Imirche

ART DE CREAG LONNDAIN 1953

Bhí mé anocht i measc mo chine,
Ag ól, ag caint, ag déanamh ghrinn,
Gur phill mé arais ar mo phluchóg pholltach,
Mo chroí 'na ghual 's mo anam tinn.

Tinn a bhí mé i bhfianaise mo mhuinntir:
Treinfhir Éireann as gach ard,
Mná na hÉireann 'na seasamh i línte,
A d'fhág mo mheabhair fa smúid 's crá.

A Mhichil Aingil, 'cheannphoirt Neimhe,
Seasuigh dhúinne ins an ród,
Treoraigh sinn, a Phadraig Éireann,
Cosain sinn ar uilc na ndruadhann!

Druadhanna d'fhag lucht saothair fé cheangal,
A mhallaigh sinn 's a bhanaigh ar dtír,
A bantracht díolta leis an amhuis Gallda,
Aois troda scaipithe fríd gach tír.


Ní náire é seo fa'r chan an Piarsach,
Nua náire na h-Ireland nua,
An buan-mhasla i mbéal lucht saoirse,
A's acmhasan an bhodaigh don tslua.

Ní clann-mhac seo a thréig an máthair,
Ach máthair annseo a rinne treigbheáil,
Mathair-stát ag dreama gan náire,
Ní Gaill a chruthaigh é ach Gaeil!

Guí orainn, a Bhríd na Luachra,
Go mbristear smacht an droing neamh-ghlórmhar,
Feall-smacht daingean síol an daor-shlua
Lucht adhartha an ghamhain óir.

A Dhalaigh theintri, ba deoraí naofa,
Le grá an leabhair 'thug ár na mílte,
Eagraigh sinne, clann do chloinne,
An masla fola is le fuil a íoctar!

A Mhichil Aingil, a cheannphoirt Neimhe,
Seasuigh dhúinne insan ród,
Treoraigh sinn, a Phádraig Éireann,
Cosain sinn ar uilc na ndruadhann!



Séamus Mac Suibhne, Dhún na nGall, ag scrúdú gréasán éadaigh, a dhearaigh a mhac, Peadar.

# Eaglais Naomh Padraig Sraid Dhun na nGall

SUAS go dtí Mí Márta, 1818, ní rabh de Eaglais Chaitliceach i mBéal Feirste ach Teampall Mhuire, Lána an tSéipeil.

Ar an chéad lá de Mí Meithimh, 1809 fuair an tAthair Aoidh Ó Domhnaill (sagart paróiste Doire Achaidh agus Béal Feirste) léas talaimh 99 mbliain ó Mharquis Dhún na nGall, le bheith aige mar laithreán tógála do theach pobail. Fear darbh ainm Gaffigan, as Sráid Academy, a fostaíodh mar tógalaí. De réir an dáta atá stampailte ar na sconnaí miotal, cuireadh an díon ar an eaglais am éigin in 1811. Cuireadh bac ar chriochnú na heaglaise mar gheall ar ghanntanas airgid. Bhí easaontas ann i measc Chaitlicigh na cathrach fa thógáil áileir. Bhí na paróistigh is saibhre ina éadan seo, nó ba mhian leo go mbeadh an Eaglais úr in úsáid acu féin amháin, agus céad ag na bochta dul go dtí Teach Pobail Naomh Mhuire. Ach bhí rún daingean ag an Athair Crolly áileir a bheith aige—rinneadh seo, agus cuireadh deireadh leis an idirdhealú aicme.

Dia Domhnaigh, an 5ú lá de Mí Márta, 1815, rinne an tEaspóg Ó Maolaín an eaglais a choisreacadh, agus bhí seanmóir ann ó'n Athair Crolly, a bhí le bheith ina easpóg ar Down agus Connor é féin, deich mbliana ina dhiaidh sin.

Fuair an tEaspóg Crolly cead ó'n Róimh le paróiste Bhéal Feirste a bhuanadh mar an pharóiste in áit Dhún Phádraig.

Socraíodh go dtógfaí foirgneamh níos mó agus níos uaisle ins an ionad chéanna leis an eaglais a bhí ann cheana. Ar an 18ú Mí Aibreán 1875, cuireadh an chloch bhoinn den eaglais atá ann anois, agus bhí costais breis is £2,000 ar an eaglais ar fad. Collen Bros., Baile Átha Cliath agus Dun Dealgán a bhí ina dtóglaí. Ba iad Neill agus Pearse, Gt. Brunswick St., Baile Átha Cliath na dealbhóirí.

Tógadh an teach pobail seo go h-íontach gasta. Léadh an tAifreann deireannach insan tsean eaglais ar an chéad lá de Mhí Lúnasa, 1875, agus ar an 12ú Lúnasa, 1877, rinne an Dr. Domhnall Mac Eiteagáin, Árd Easpóg, Árd Macha, an nua eaglais a choisreacadh. Ag an Aifreann, togadh beagnach £3,000 de bhailiúchan.

I 1919, nochtaigh an tEaspóg Mac Ruairí don phobal an triptic "Maighdean na Loch." Ba é an ealaíontóir clúiteach, Sir John Lavery a rinne seo agus a thug do'n eaglais é. Ins an triptic, tá pictiúr do'n Mhaighdean Bheannaithe: ar thaobh amháin di tá Naomh Pádraig ina bhuachaill ar thaoch an chnoic, agus ar an taobh eile tá Naomh Brighid.

Sir Edwin Lutyens a rinne an altóir a leagadh amach agus an ascall a mhaisiú.

Ar an 22ú Meithimh, 1928, athríodh an Dr. Mac Ruairí go hÁrd Macha, agus ar an 31ú Bealtaine, 1929 ainmníodh an tAthair Domhnall Mac Aodhain, Déan i Maghnuat, go dtí an Chathaoir, agus rinneadh ina easpóg é ar 25ú Lúnasa, 1929.

I 1949 bheannaigh an Dochtúir Mac Aodhain an t-organ úr, agus sheinn M. Van Dessel, Dún Dealgan air.

